Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# EALAÍN

Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# CLÁR AN ÁBHAIR

Obair Chúrsa..........................................................................................................................4

Sceitseáil Beo-Ábhair...............................................................................................................15

Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne.........................................................................................18

# Obair Chúrsa

**200 Marc**

# OBAIR CHÚRSA
## Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

**Feic leathanach 14 áit a bhfaighidh tú sonraí ar an gcaoi a dtéitear i ngleic leis an difríocht idir Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal.**

| **Roinn A**<br>**Cumadóireacht Shamhlaíoch/Ábhar Neamhbheo** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **A** | **20** | **Leabhar oibre: Taighde/Léirmhíniú ar an bhFoinse Phríomha** | **5**<br>**5**<br>**10** | • Rogha foinse príomha/foinsí príomha iomchuí. *Ábharthacht an léirithe/raoin*<br>• Taighde leanúnach agus imscrúdú ar an téama roghnaithe.<br>• Anailís ar an bhfoinse phríomha/na foinsí príomha trí mheascán bealaí amhairc. |
| **B** | **20** | **Leabhar oibre: Forbairt/Próiseas** | **15**<br>**5** | • Smaointe a fhorbairt agus a thástáil, forbairt amhairc agus anótáilte, líníochtaí, staidéar ar dhathanna, meáin, gnéithe grianghrafadóireachta, etc.<br>• Togra le haghaidh Saothar/Déantúsán Críochnaithe. |
| **C** | **20** | **Déantúsán Críochnaithe: Gnéithe den Ealaín** | **20** | • Comhdhéanamh agus eagrú spás 2T.<br>• Úsáid as gnéithe ealaíne: líne, ton, cruth, foirm, uigeacht, dath, spás dearfach agus diúltach, cothromaíocht, teannas, codarsnacht, scála, etc. |
| **D** | **20** | **Déantúsán Críochnaithe: Freagra Cruthaitheach Pearsanta** | **20** | • Freagra aonair an iarrthóra tríd an úsáid a bhaintear as na meáin, ábhair, stíl, coincheapa, léiriú agus úrnuacht.<br>• Feasacht ar chomaoineacha aeistéitiúla. |
| **E** | **20** | **Déantúsán Críochnaithe: Toradh an Phróisis/Saothar Críochnaithe** | **20** | • Tionchar foriomlán an déantúsáin chríochnaithe, caighdeán na Cumadóireachta Samhlaíche/an Ábhair Neamhbheo.<br>• Tógtha agus críochnaithe go dtí céim a chomhlíonann an Treoir don Obair Chúrsa. |
| **IOMLÁN** | **100** | | | |

# OBAIR CHÚRSA
## Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

**Feic leathanach 14 áit a bhfaighidh tú sonraí ar an gcaoi a dtéitear i ngleic leis an difríocht idir Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal.**

| **Roinn B**<br>**Ceardaíocht/Dearadh** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **A** | **20** | **Leabhar oibre: Taighde/Léirmhíniú ar an bhFoinse Phríomha** | **5**<br>**5**<br>**10** | ▪ Rogha foinse príomha/foinsí príomha iomchuí. *Ábharthacht an léirithe/raoin*<br>▪ Taighde leanúnach agus imscrúdú ar an téama roghnaithe.<br>▪ Anailís ar an bhfoinse phríomha/na foinsí príomha trí mheascán bealaí amhairc. |
| **B** | **20** | **Leabhar oibre: Forbairt/Próiseas** | **15**<br>**5** | ▪ Smaointe a fhorbairt agus a thástáil, forbairt amhairc agus anótáilte, líníochtaí, staidéar ar dhathanna, meáin, gnéithe grianghrafadóireachta, etc.<br>▪ Togra le haghaidh Saothar/Déantúsán Críochnaithe. |
| **C** | **20** | **Déantúsán Críochnaithe: Oiriúnacht & Freagra Cruthaitheach Pearsanta** | **10**<br>**10** | ▪ Na fadhbanna is léir sa Cheardaíocht/Dearadh roghnaithe a réiteach: foirm, feidhm, oiriúnacht, comaoineacha teicniúla, ábhair, féidearthacht maidir le cur i gcrích.<br>▪ Úrnuacht/stíl aonair an iarrthóra agus a chur chuige/fhreagra. |
| **D** | **20** | **Déantúsán Críochnaithe: Scileanna Ceardaíochta/ Dearadh - Gnéithe Teicniúla** | **20** | **Déan tagairt dóibh seo a leanas:**<br>▪ Scileanna Ceardaíochta Aonair - leathanach 7<br>▪ Gnéithe Teicniúla an Dearaidh- leathanach 12 |
| **E** | **20** | **Déantúsán Críochnaithe: Toradh an Phróisis/Saothar Críochnaithe** | **20** | ▪ Tionchar foriomlán an déantúsáin chríochnaithe, caighdeán na Ceardaíochta/an Dearaidh chríochnaithe.<br>▪ Tógtha agus críochnaithe go dtí céim a chomhlíonann an Treoir don Obair Chúrsa. |
| **IOMLÁN** | **100** | | | |

CEARDAÍOCHT NA HARDTEISTIMÉIREACHTA, 2019 – **SCILEANNA CEARDAÍOCHTA**

| **BAITÍC** | | | |
|---|---|---|---|
| **CUID D - Scileanna Ceardaíochta** | **Íomhánna** | **5** | **Ba cheart don saothar**<br>▪ comhdhéanamh comhaontaithe agus cothromaithe a chruthú<br>▪ gnéithe dearaidh a chuimsiú, e.g. dearfach/diúltach, sreabhadh, gluaiseacht, rithim, uigeacht, nascáil<br>▪ íomhánna atá sainmhínithe go soiléir a bheith ann |
| | **Ciaradh** | **5** | **Ba cheart go léireodh an t-iarrthóir cumas ó thaobh**<br>▪ tjanting a úsáid<br>▪ scoilteadh agus féithiú a úsáid mar éifeachtaí maisiúcháin<br>▪ éifeachtaí uigeacha a chruthú<br>▪ obair a dhéanamh go cruinn |
| | **Dath** | **5** | **Ba cheart go léireodh an t-iarrthóir**<br>▪ eolas ar úsáid dathanna agus na héifeachtaí a ghabhann leis a fheileann don bhaitíc<br>▪ inniúlacht san ord nach mór a leanúint chun fabraic a ruaimniú go héifeachtach<br>▪ scil maidir le rogha na ndathanna a úsáideadh |
| | **Meáin** | **5** | **Ba cheart don saothar críochnaithe**<br>▪ tuiscint ar airíonna, féidearthachtaí agus srianta an mheáin roghnaithe a thaispeáint |
| **LEABHARCHEARDAÍOCHT** | | | |
| **CUID D - Scileanna Ceardaíochta** | **Rogha Ábhar** | **5** | **Ba cheart don iarrthóir**<br>▪ úsáid thomhaiste páipéir, fabraicí agus meán measctha pearsantaithe a thaispeáint<br>▪ muinín a léiriú a eascraíonn as ábhair leabharcheardaíochta a láimhseáil<br>▪ feasacht ar fhéidearthachtaí agus srianta na ceirde a thaispeáint<br>▪ tuiscint a thaispeáint ar an ord is gá a leanúint chun a d(h)earadh a chur i gcrích |
| | **Meicníocht Dúnta** | **5** | **Ba cheart go léireodh an t-iarrthóir feasacht**<br>▪ ar an tábhacht a bhaineann le teicnící tógála éifeachtacha.<br>▪ gur ceart go mbeadh na meicníochtaí dúnta roghnaithe comhtháite i gceart leis an saothar críochnaithe |
| | **Íomhánna** | **5** | **Ba cheart don saothar a chuirtear i láthair**<br>▪ feidhm úsáide an phíosa a léiriú ar bhealach soiléir agus éifeachtach<br>▪ cur leis an saothar críochnaithe |
| | **Meáin** | **5** | **Ba cheart don saothar críochnaithe**<br>▪ tuiscint ar airíonna, féidearthachtaí agus srianta an mheáin roghnaithe a thaispeáint |
| **PEANNAIREACHT** | | | |
| **CUID D - Scileanna Ceardaíochta** | **Léiriú** | **5** | **Ba cheart don iarrthóir**<br>▪ muinín i gceird na peannaireachta a thaispeáint<br>▪ úsáid thomhaiste meán, páipéar ildaite, ábhar breise a úsáideadh nó a cuireadh leis a thaispeáint<br>▪ feasacht a léiriú ar ról an léirithe / cumasc idir léiriú agus grafnóireacht a thaispeáint<br>▪ feasacht a léiriú ar theicnící cuí agus léirmhínithe dathanna |
| | **Grafnóireacht** | **5** | **Ba cheart go dtaispeánfadh an t-iarrthóir**<br>▪ tógáil éifeachtach sa litreoireacht<br>▪ fianaise ar scileanna grafnóireachta a gnóthaíodh<br>▪ inniúlacht in uirlisí peannaireachta a úsáid |
| | **Spásáil** | **5** | **Ba cheart don saothar a chuirtear i láthair**<br>▪ spásáil chuí a léiriú<br>▪ leagan amach cuí léiriú |
| | **Meáin** | **5** | **Ba cheart don saothar críochnaithe**<br>▪ tuiscint ar airíonna, féidearthachtaí agus srianta an mheáin roghnaithe a thaispeáint |

| SNOÍODÓIREACHT | | | |
|---|---|---|---|
| CUID D - Scileanna Ceardaíochta | **Láimhseáil Ábhar** | **5** | **Ba cheart don iarrthóir**<br>▪ an mhuinín a léiriú a eascraíonn as ábhair snoíodóireachta a láimhseáil<br>▪ feasacht ar na hairíonna a bhaineann le héifeachtaí solais a thaispeáint<br>▪ feasacht a thaispeáint ar an ord is gá a leanúint chun an dearadh a chur i gcrích |
| | **Struchtúr** | **5** | **Ba cheart go léireodh an t-iarrthóir feasacht**<br>▪ ar thábhacht teicnící maithe snoíodóireachta<br>▪ ar chúrsaí spásúla, scála, comhréire, maise, crutha, etc. |
| | **Feidhm** | **5** | **Ba cheart don saothar a chuirtear i láthair**<br>▪ a bheith tógtha agus críochnaithe go dtí céim a chomhlíonann treoir an dearaidh (ceist an scrúdaithe)<br>▪ a bheith snoite go cuí don bhailchríoch atá beartaithe |
| | **Meáin** | **5** | **Ba cheart don saothar críochnaithe**<br>▪ tuiscint ar airíonna, féidearthachtaí agus srianta an mheáin roghnaithe a thaispeáint |

| BRÓIDNÉIREACHT | | | |
|---|---|---|---|
| CUID D - Scileanna Ceardaíochta | **Rogha Ábhar** | **5** | **Ba cheart don iarrthóir**<br>▪ cúlra cuí a roghnú<br>▪ tuiscint a thaispeáint ar an ord is gá a leanúint chun a d(h)earadh a chur i gcrích |
| | **Fuáil** | **5** | **Ba cheart don iarrthóir**<br>▪ greamanna bróidnéireachta éagsúla a úsáid<br>▪ scil sna greamanna roghnaithe a thaispeáint |
| | **Láimhseáil Ábhar** | **5** | **Ba cheart go léireodh an t-iarrthóir cumas ó thaobh**<br>▪ dathanna agus solas a úsáid go héifeachtach<br>▪ éifeachtaí uigeachta agus rilífe a chruthú |
| | **Meáin** | **5** | **Ba cheart don saothar críochnaithe**<br>▪ tuiscint ar airíonna, féidearthachtaí agus srianta an mheáin roghnaithe a thaispeáint |

| TEICSTÍLÍ LÁMHPHRIONTÁILTE | | | |
|---|---|---|---|
| CUID D - Scileanna Ceardaíochta | **Patrún** | **5** | **Ba cheart don phatrún a úsáideadh**<br>▪ comhdhéanamh cothromaithe a chruthú<br>▪ gnéithe dearaidh a chuimsiú e.g. dearfach/diúltach, sreabhadh, gluaiseacht, rithim, uigeacht, nascáil |
| | **Úsáid Stionsail** | **5** | **Ba cheart don stionsal a úsáideadh**<br>▪ a bheith oiriúnach don mhóitíf dhearaidh roghnaithe<br>▪ a bheith déanta i gceart as ábhar oiriúnach<br>▪ íomhá shoiléir a tháirgeadh |
| | **Forphriontáil** | **5** | **Ba cheart go léireodh an t-iarrthóir**<br>▪ eolas ar fhorphriontáil agus ar dhathanna an chúlra<br>▪ eolas ar chomhshocrú<br>▪ cumas dathanna oiriúnacha / cineálacha éagsúla ruaimeanna d'fhorphriontáil a roghnú |
| | **Meáin** | **5** | **Ba cheart don saothar críochnaithe**<br>▪ tuiscint ar airíonna, féidearthachtaí agus srianta an mheáin roghnaithe a thaispeáint |

| BLOCPHRIONTÁIL | | | |
|---|---|---|---|
| CUID D - Scileanna Ceardaíochta | **Blocghearradh** | **5** | **Ba cheart don iarrthóir**<br>▪ muinín i gceird an bhlocghearraidh a thaispeáint<br>▪ feasacht a thaispeáint ar airíonna an bhloic, agus na féidearthachtaí agus na srianta a ghabhann leis<br>▪ feasacht a thaispeáint ar an ord is gá a leanúint chun an dearadh a chur i gcrích |
| | **Priontáil** | **5** | **Ba cheart don saothar a chuirtear i láthair**<br>▪ fianaise ar thuiscint ar chomhshocrú agus ar phriontáil a thaispeáint<br>▪ codarsnacht uigeachta, dathanna féideartha nó forphriontáil, éifeachtaí cúlra |
| | **Codarsnacht** | **5** | **Ba cheart go léireodh an t-iarrthóir fianaise ar fheasacht**<br>▪ ar ghnéithe dearaidh a bhaineann le ceird na blocphriontála e.g. codarsnacht uigeachta, líne, crutha, datha |
| | **Meáin** | **5** | **Ba cheart don saothar críochnaithe**<br>▪ tuiscint ar airíonna, féidearthachtaí agus srianta an mheáin roghnaithe a thaispeáint |
| **MIOTALÓIREACHT / TÓGÁIL** | | | |
| CUID D - Scileanna Ceardaíochta | **Láimhseáil Ábhar** | **5** | **Ba cheart do láimhseáil ábhar an iarrthóra**<br>▪ muinín i gceird na miotalóireachta a thaispeáint<br>▪ feasacht ar fhéidearthachtaí agus srianta na ceirde a thaispeáint<br>▪ tuiscint a thaispeáint ar an ord is gá a leanúint chun a d(h)earadh a chur i gcrích |
| | **Uirlisiú/ Tógáil** | **5** | **Ba cheart go léireodh an t-iarrthóir feasacht**<br>▪ ar thábhacht teicnící éifeachtacha<br>▪ ar fhéidearthachtaí agus srianta na n-uirlisí/n-ábhar atá á n-úsáid<br>▪ ar an tábhacht a bhaineann le teicníocht mhaith |
| | **Maisiúchán** | **5** | **Ba cheart do mhaisiúchán an tsaothair a chuirtear i láthair**<br>▪ úsáid thomhaiste dathanna trí chruan/péint, éifeachtaí solais, ábhar breise a cuireadh leis a thaispeáint<br>▪ a bheith mar chuid thábhachtach den dearadh<br>▪ a bheith curtha i gcrích mar is cuí |
| | **Meáin** | **5** | **Ba cheart don saothar a tháirgtear**<br>▪ tuiscint ar airíonna, féidearthachtaí agus srianta an mheáin roghnaithe a thaispeáint |
| **MÚNLÓIREACHT** | | | |
| CUID D - Scileanna Ceardaíochta | **Láimhseáil Ábhar** | **5** | **Ba cheart don iarrthóir**<br>▪ muinín agus é/í ag plé le hábhair múnlóireachta a thaispeáint<br>▪ tuiscint a thaispeáint ar an ord is gá a leanúint chun a d(h)earadh a chur i gcrích |
| | **Struchtúr** | **5** | **Ba cheart go léireodh an t-iarrthóir feasacht**<br>▪ ar thábhacht teicnící múnlóireachta éifeachtacha<br>▪ ar mhúnlóireacht oiriúnach don bhailchríoch mholta<br>▪ ar scála, comhréir, mais, cruth, etc.<br>▪ ar chúrsaí spásála |
| | **Bailchríoch** | **5** | **Ba cheart don teicníocht mhaisiúcháin a úsáideadh**<br>▪ feasacht a thaispeáint ar thitim an tsolais ar dhromchlaí agus ar phlánaí a léiriú<br>▪ cur leis an saothar<br>▪ a bheith mar chuid thábhachtach den dearadh<br>▪ a bheith curtha i gcrích mar is cuí |
| | **Meáin** | **5** | **Ba cheart don saothar críochnaithe**<br>▪ tuiscint ar airíonna, féidearthachtaí agus srianta an mheáin roghnaithe a thaispeáint |

| PÓSTAER | | | |
|---|---|---|---|
| CUID D - Scileanna Ceardaíochta | Leagan amach | 5 | **Ba cheart don iarrthóir**<br>▪ inniúlacht ar leagan amach a thaispeáint<br>▪ a bheith feasach ar chomhréiteach íomhánna agus clóghrafaíochta |
| | Clóghrafaíocht | 5 | **Ba cheart go léireodh an t-iarrthóir feasacht**<br>▪ ar an tábhacht a bhaineann le tógáil éifeachtach litreoireachta<br>▪ ar chlóghrafaíocht atá oiriúnach don teachtaireacht<br>▪ ar thábhacht an tsiombalachais i gcumarsáid ghrafach |
| | Grafaicí | 5 | **Ba cheart don iarrthóir**<br>▪ dath agus íomhánna a láimhseáil ar bhealach a chuireann teachtaireacht an phóstaeir in iúl go héifeachtach<br>▪ dathanna a roghnú chun aird a tharraingt<br>▪ a bheith feasach ar an tsíceolaíocht agus na féidearthachtaí a bhaineann le dathanna<br>▪ an teachtaireacht a chur in iúl ar bhealach soiléir |
| | Meáin | 5 | **Ba cheart don saothar a chuirtear i láthair**<br>▪ tuiscint ar airíonna, féidearthachtaí agus srianta an mheáin roghnaithe a thaispeáint |

| CRIADÓIREACHT | | | |
|---|---|---|---|
| CUID D - Scileanna Ceardaíochta | Láimhseáil Cré | 5 | **Ba cheart don iarrthóir**<br>▪ muinín a thaispeáint i láimhseáil chré<br>▪ tuiscint a thaispeáint ar an ord is gá a leanúint chun a d(h)earadh a chur i gcrích |
| | Struchtúr | 5 | **Ba cheart don iarrthóir**<br>▪ feasacht ar an tábhacht a bhaineann le teicnící tógála éifeachtacha a thaispeáint<br>▪ a chinntiú go bhfuil na cluasa i gcomhréir leis na clúdaigh, agus go bhfuil siad cothromaithe agus gur féidir iad a láimhseáil go sábháilte<br>▪ feasacht a thaispeáint ar an tábhacht a bhaineann le teicnící tógála oiriúnacha a roghnú |
| | Glónra/ Maisiúchán | 5 | **Ba cheart don ghlónra/maisiúchán a úsáideadh**<br>▪ úsáid thomhaiste cré-ábhair, glónra agus sliopa daite, éifeacht an tsolais ar dhromchlaí agus plánaí chun an saothar a fheabhsú a thaispeáint<br>▪ a bheith mar chuid thábhachtach den dearadh<br>▪ a bheith curtha i gcrích mar is ceart<br>▪ a bhácáil ag an teocht cheart |
| | Meáin | 5 | **Ba cheart don saothar a chuirtear i láthair**<br>▪ tuiscint ar airíonna, féidearthachtaí agus srianta an mheáin roghnaithe a thaispeáint |

| PUIPÉADÓIREACHT | | | |
|---|---|---|---|
| CUID D - Scileanna Ceardaíochta | Feidhm | 5 | **Ba cheart don phuipéad**<br>▪ páirteanna gluaisteacha a bheith ann agus é a bheith múnlaithe ar bhealach cuí chun an carachtar a chur in iúl<br>▪ a bheith éadrom<br>▪ a bheith éasca le láimhsiú |
| | Cur le Chéile | 5 | **Ba cheart don iarrthóir**<br>▪ modhanna oiriúnacha a úsáid chun é a chur le chéile<br>▪ a chinntiú go bhfuil ailt chearta cos agus lámh ann<br>▪ a chinntiú go bhfuil na hoiriúintí agus na héadaí greamaithe go daingean den phuipéad |
| | Buanfas | 5 | **Ba cheart don saothar a chuirtear i láthair**<br>▪ a bheith tógtha agus críochnaithe go dtí céim a chomhlíonann an treoir<br>▪ a bheith tógtha le hábhair bhuanfasacha |
| | Meáin | 5 | **Ba cheart don phuipéad críochnaithe**<br>▪ tuiscint ar airíonna, féidearthachtaí agus srianta an mheáin roghnaithe a thaispeáint |

| SCÁTHLÁNPHRIONTÁIL | | | |
|---|---|---|---|
| CUID D - Scileanna Ceardaíochta | **Íomhánna** | **5** | **Ba cheart do na híomhánna a úsáideadh**<br>▪ comhdhéanamh cothromaithe a chruthú<br>▪ gnéithe dearaidh a chuimsiú e.g. sreabhadh dearfach/diúltach, gluaiseacht, rithim, uigeacht, nascáil |
| | **Úsáid Stionsail** | **5** | **Ba cheart don stionsal a úsáideadh**<br>▪ a bheith oiriúnach don mhóitíf dhearaidh roghnaithe<br>▪ a bheith déanta i gceart as ábhar oiriúnach<br>▪ íomhá shoiléir a tháirgeadh |
| | **Forphriontáil** | **5** | **Ba cheart go léireodh an t-iarrthóir**<br>▪ eolas ar fhorphriontáil agus úsáid thomhaiste datha oiriúnaigh don chúlra<br>▪ eolas ar chomhshocrú<br>▪ inniúlacht gur féidir leis/léi dathanna oiriúnacha don fhorphriontáil a roghnú |
| | **Meáin** | **5** | **Ba cheart don saothar críochnaithe**<br>▪ tuiscint ar airíonna, féidearthachtaí agus srianta an mheáin roghnaithe a thaispeáint |

| FÍODÓIREACHT | | | |
|---|---|---|---|
| CUID D - Scileanna Ceardaíochta | **Béim** | **5** | **Ba cheart go léireodh an fhíodóireacht**<br>▪ teannas ceart sa dlúth agus san inneach<br>▪ aonfhoirmeacht sa chomhghlasáil agus sna déadailt<br>▪ scáintí aonfhoirmeacha nuair is cuí |
| | **Dlúthchiumhais** | **5** | **Ba cheart go n-úsáidfeadh an t-iarrthóir**<br>▪ dlúth oiriúnach<br>▪ teannas réidh |
| | **Úsáid Ábhar/Snátha** | **5** | **Ba cheart go léireodh an saothar críochnaithe**<br>▪ gné thadhlach<br>▪ ciall don dath<br>▪ struchtúr fíodóireachta |
| | **Meáin** | **5** | **Ba cheart don saothar a chuirtear i láthair**<br>▪ tuiscint ar airíonna, féidearthachtaí agus srianta an mheáin roghnaithe a thaispeáint |

DEARADH NA HARDTEISTIMÉIREACHTA, 2019 – **GNÉITHE TEICNIÚLA**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **C1 – LITREOIREACHT AGUS PEANNAIREACHT** | | | |
| **CUID D – Gnéithe Teicniúla** | Ba cheart don saothar a chuirtear i láthair tuiscint agus scileanna sna réimsí a leanas a thaispeáint: | **5** | Léiriú |
| | | **5** | Peannaireacht/litreoireacht |
| | | **5** | Spásáil/leagan amach |
| | | **5** | Comhréiteach/cothromaíocht |
| **C2 – LÍONÓILGHEARRADH AGUS PRIONTÁIL** | | | |
| **CUID D – Gnéithe Teicniúla** | Ba cheart don saothar a chuirtear i láthair tuiscint agus scileanna sna réimsí a leanas a thaispeáint: | **5** | Líne/cruth/uigeacht |
| | | **5** | Láidreacht/soiléire |
| | | **5** | Forphriontáil/codarsnacht |
| | | **5** | Comhréiteach/cothromaíocht |
| **C 3 – FABRAICPHRIONTÁIL** | | | |
| **CUID D – Gnéithe Teicniúla** | Ba cheart don saothar a chuirtear i láthair tuiscint agus scileanna sna réimsí a leanas a thaispeáint: | **5** | Patrún/cruth |
| | | **5** | Teicnící: forphriontáil/ciaradh |
| | | **5** | Cur i bhfeidhm dathanna |
| | | **5** | Comhréiteach/cothromaíocht/nascáil |
| **C 4 – BRÓIDNÉIREACHT** | | | |
| **CUID D – Gnéithe Teicniúla** | Ba cheart don saothar a chuirtear i láthair tuiscint agus scileanna sna réimsí a leanas a thaispeáint: | **5** | Rogha ábhar/meán/cúlra |
| | | **5** | Plean snáthaide |
| | | **5** | Teicnící |
| | | **5** | Comhréiteach/cothromaíocht |
| **C 5 – FÍODÓIREACHT** | | | |
| **CUID D – Gnéithe Teicniúla** | Ba cheart don saothar a chuirtear i láthair tuiscint agus scileanna sna réimsí a leanas a thaispeáint: | **5** | Léiriú uigeachta |
| | | **5** | Plean fíodóireachta |
| | | **5** | Ábhair/snáth |
| | | **5** | Comhréiteach/cothromaíocht |
| **C 6 – CRIADÓIREACHT** | | | |
| **CUID D – Gnéithe Teicniúla** | Ba cheart don saothar a chuirtear i láthair tuiscint agus scileanna sna réimsí a leanas a thaispeáint: | **5** | Teicnící |
| | | **5** | Struchtúr |
| | | **5** | Feidhm |
| | | **5** | Glónra/maisiúchán |

| C 7 – PUIPÉADÓIREACHT | | | |
|---|---|---|---|
| **CUID D –** **Gnéithe Teicniúla** | Ba cheart don saothar a chuirtear i láthair tuiscint agus scileanna sna réimsí a leanas a thaispeáint: | **5** | Feidhm |
| | | **5** | Cur le chéile |
| | | **5** | Ábhair |
| | | **5** | Léiriú carachtair |
| **C 8 – LEABHARCHEARDAÍOCHT** | | | |
| **CUID D –** **Gnéithe Teicniúla** | Ba cheart don saothar a chuirtear i láthair tuiscint agus scileanna sna réimsí a leanas a thaispeáint: | **5** | Ábhair |
| | | **5** | Ceangail/naisc/clúdach deannaigh |
| | | **5** | Íomhánna/litreoireacht |
| | | **5** | Cur le chéile |
| **C 9 – DEARADH FÓGRAÍOCHTA** | | | |
| **CUID D –** **Gnéithe Teicniúla** | Ba cheart don saothar a chuirtear i láthair tuiscint agus scileanna sna réimsí a leanas a thaispeáint: | **5** | Feidhm |
| | | **5** | Leagan amach |
| | | **5** | Clóghrafaíocht |
| | | **5** | Grafaicí agus dathanna |
| **C 10 – MÚNLÓIREACHT/SNOÍODÓIREACHT** | | | |
| **CUID D –** **Gnéithe Teicniúla** | Ba cheart don saothar a chuirtear i láthair tuiscint agus scileanna sna réimsí a leanas a thaispeáint: | **5** | Feidhm |
| | | **5** | Teicníc/ábhair |
| | | **5** | Struchtúr |
| | | **5** | Bailchríoch/solas |
| **C 11 – SEITEANNA STÁITSE** | | | |
| **CUID D –** **Gnéithe Teicniúla** | Ba cheart don saothar a chuirtear i láthair tuiscint agus scileanna sna réimsí a leanas a thaispeáint: | **5** | Leagan amach |
| | | **5** | Struchtúr |
| | | **5** | Feidhm |
| | | **5** | Tógáil/teicnící |

# An Ardteistiméireacht, Obair Chúrsa 2019
## Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Leagtar Obair Chúrsa Ealaín na hArdteistiméireachta amach mar scrúdpháipéar coiteann. Ciallaíonn sé seo go bhfaigheann iarrthóirí Ardleibhéil agus Gnáthleibhéil an t-ábhar spreagthach céanna agus nach mór dóibh tabhairt faoi na tascanna céanna agus iad i mbun a gcuid obair ealaíne a fhorbairt agus a chur i gcrích. Bítear ag súil le caighdeán níos airde ó iarrthóirí Ardleibhéil, áfach, ná mar a bhítear ag súil leis ó iarrthóirí Gnáthleibhéil.

D’fhonn an t-ailíniú ceart idir na caighdeáin a theastaíonn chun gráid a bhaint amach ag an dá leibhéal a chinntiú (H5=O1; H6=O2; H7=O3) baintear úsáid as scála tagartha agus an obair ar fad á marcáil ar an gcéad dul síos. Ansin, déantar na marcanna tagartha sin a thiontú ina marcanna Ardleibhéil nó Gnáthleibhéil de réir mar is cuí.

Ionas gur féidir é a chur i bhfeidhm go héasca, leagadh amach an scála tagartha i gcomhréir leis an scála Ardleibhéil. Dá réir sin, tar éis marc ar an scála tagartha a thabhairt d’Obair Chúrsa an iarrthóra, déantar an marc tagartha sin a thaifeadadh mar mharc deiridh an iarrthóra Ardleibhéil dá Obair Chúrsa, ach i gcás an iarrthóra Gnáthleibhéil déantar an marc a choigeartú chun an marc tagartha a thiontú ina mharc deiridh don Obair Chúrsa. Sa tábla thíos léirítear an t-ailíniú idir na gráid.

| Grád Ardleibhéil | Grád Gnáthleibhéil | Marc tagartha | Marc Ardleibhéil | Marc Gnáthleibhéil |
|---|---|---|---|---|
| 1 | | 180 – 200 | 180 – 200 | 200 |
| 2 | | 160 – 179 | 160 – 179 | 200 |
| 3 | | 140 – 159 | 140 – 159 | 200 |
| 4 | | 120 – 139 | 120 – 139 | 200 |
| 5 | 1 | 100 – 119 | 100 – 119 | 180 – 200 |
| 6 | 2 | 80 – 99 | 80 – 99 | 160 – 179 |
| 7 | 3 | 60 – 79 | 60 – 79 | 140 – 159 |
| 8 | 4 | 50 – 59 | 50 – 59 | 120 – 139 |
| | 5 | 40 – 49 | 40 – 49 | 100 – 119 |
| | 6 | 30 – 39 | 30 – 39 | 80 – 99 |
| | 7 | 20 – 29 | 20 – 29 | 60 – 79 |
| | 8 | 0 – 19 | 0 – 19 | 0 – 59 |

**OBAIR CHÚRSA – an marc tagartha a thiontú ina mharc Gnáthleibhéil**

I gcás an iarrthóra Gnáthleibhéil, déantar an marc tagartha a thiontú ina mharc deiridh mar seo a leanas:

- Más ionann an marc tagartha agus 120 nó níos mó tugtar 200 mar mharc deiridh.
- Más ionann an marc tagartha agus 60 ar a laghad ach má bhíonn sé faoi bhun 120 cuir 80 leis an marc tagartha chun teacht ar an marc deiridh.
- Más ionann an marc tagartha agus 1 ar a laghad ach má bhíonn sé faoi bhun 60 déan an marc tagartha a iolrú faoi dhó agus cuir 20 leis chun teacht ar an marc deiridh.
- Más ionann an marc tagartha agus 0 is é 0 an marc deiridh.

| Marc Tagartha | Tiontú |
|---|---|
| 120 nó níos mó | Bronn 200 marc |
| 60 – 119 | Cuir 80 marc leis |
| 1 – 59 | Iolraigh an marc tagartha faoi dhó agus cuir 20 marc leis |
| 0 | 0 |

# Sceitseáil Beo-Ábhair

**50 Marc**

| **Ealaín na hArdteistiméireachta, 2019** | | | **Ardleibhéal** |
|---|---|---|---|
| ***Sceitseáil Beo-Ábhair*** | | | ***Iomlán 50 marc*** |
| D'fhéadfadh go gcuimseofaí cineálacha éagsúla páipéar agus meán lena n-áirítear peann luaidhe, graifít, gualach, dúch agus scuab, criáin, péint, conté, etc. sna hábhair. Glacfar le meáin éagsúla a mheascadh. | | | |
| **<u>Staidiúir 1:</u>**<br>**<u>Staidiúir ghearr (15 nóim.) 20 marc:</u>** tá raon leathan cuir chuige oiriúnacha don Ardleibhéal inghlactha, le líníocht gothaí mhear agus nod do chomhthéacs an chúlra san áireamh. | | | |
| **A** | **Comhdhéanamh** | **5** | ***Déan tagairt dóibh seo a leanas:***<br>• comhdhéanamh: úsáid na bileoige ina hiomláine; úsáid an spáis dhiúltaigh agus dhearfaigh.<br>• freagairt chruthaitheach phearsanta: caithfear an fhíor iomlán a thriail sa staidiúir mar a luaitear sa scrúdpháipéar.<br><br>Gan aghaidh / aghaidh fholamh / staidiúir mhícheart = 4 mharc ar a mhéad.<br>Leathfhíor / gan chosa = 3 mharc ar a mhéad.<br>Leathanach gearrtha / cuid curtha leis an leathanach = 3 mharc ar a mhéad. |
| **B** | **Comhréir** | **5** | ***Déan tagairt dóibh seo a leanas:***<br>• Cruinneas anatamaíoch na líníochta: an gaol idir na codanna agus an t-iomlán.<br><br>Gan aghaidh / aghaidh fholamh / staidiúir mhícheart = 4 mharc ar a mhéad.<br>Leathfhíor / gan chosa = 3 mharc ar a mhéad.<br>Leathanach gearrtha / cuid curtha leis an leathanach = 3 mharc ar a mhéad. |
| **C** | **Ton/Líne** | **5** | ***Déan tagairt dóibh seo a leanas:***<br>• úsáid an tsolais agus an scáthaithe sa mheán roghnaithe mar ghné lárnach chun cruth tríthoiseach a chur in iúl.<br>• caighdeán/meáchan an scáthaithe nó na líne; úsáid chruthaitheach meán. |
| **D** | **Foirm/Toirt** | **5** | ***Déan tagairt dóibh seo a leanas:***<br>• an léiriú déthoiseach de dhaingne thríthoiseach an choirp trí mheáin nó teicníc ar bith, nó meascán díobh, línte san áireamh, a úsáid. |
| | **Iomlán** | **20** | |

| **Staidiúir 2:**<br>**Staidiúir Fhada (30 nóim.):** ***30 marc*****:** staidéar níos sonraí den chorp: an fhíor iomlán nó rogha na leathfhíorach. Glacfar le líníocht an-mhionsonraithe agus líníocht láidir mhothúchánach araon. | | | |
|---|---|---|---|
| **A** | **Comhdhéanamh** | **6** | ***Déan tagairt dóibh seo a leanas:***<br>Comhdhéanamh: úsáid na bileoige ina hiomláine, úsáid an spáis dhiúltaigh, nod do chomhthéacs an chúlra inghlactha.<br>Léiriú aonair agus freagairt chruthaitheach phearsanta ar an bhfíor iomlán nó rogha na leathfhíorach mar a luaitear sa staidiúir: rogha phearsanta ábhar agus meán.<br><br>Gan aghaidh / aghaidh fholamh / staidiúir mhícheart = 5 mharc ar a mhéad.<br>Staidiúir droma iomláin = 3 mharc ar a mhéad.<br>Leathanach gearrtha / cuid curtha leis an leathanach = 3 mharc ar a mhéad. |
| **B** | **Comhréir** | **6** | ***Déan tagairt dóibh seo a leanas:***<br>Cruinneas anatamaíoch na líníochta: (gaol idir codanna agus iomlán) na fíorach iomláine nó rogha na leathfhíorach mar a luaitear sa staidiúir.<br><br>Gan aghaidh / aghaidh fholamh / staidiúir mhícheart = 5 mharc ar a mhéad.<br>Staidiúir droma iomláin = 3 mharc ar a mhéad.<br>Leathanach gearrtha / cuid curtha leis an leathanach = 3 mharc ar a mhéad. |
| **C** | **Ton/Líne** | **6** | ***Déan tagairt dóibh seo a leanas:***<br>Úsáid an tsolais agus an scáthaithe sa mheán agus sna hábhair roghnaithe mar ghné lárnach den líníocht. Líníocht líneach a bhfuil léiriú aonair agus freagairt mhothúchánach ag eascairt as. Léiriú aonair agus freagairt mhothúchánach / rogha phearsanta ábhair agus stíl-mheáin. |
| **D** | **Foirm/Toirt** | **6** | ***Déan tagairt dóibh seo a leanas:***<br>An chaoi a dtugann an léiriú déthoiseach dhaingne thríthoiseach an choirp le fios trí mheáin nó teicníc ar bith a úsáid, línte san áireamh, a bhfuil léiriú aonair agus freagairt mhothúchánach ag eascairt as. |
| **E** | **Mionsonraí** | **6** | ***Déan tagairt dóibh seo a leanas:***<br>Láimhseáil mhionsonraithe gné(ithe) na fíorach mar chuid lárnach de líníocht na fíorach iomláine nó rogha na leathfhíorach mar a luaitear sa staidiúir.<br>Tionchar foriomlán an tsaothair chríochnaithe.<br>An chaoi a léiríonn an t-iarrthóir inniúlacht i ngnéithe teicniúla agus comhdhéanaimh d'fhonn freagairt aonair phearsanta a chruthú..<br><br>Gan aghaidh / aghaidh fholamh / staidiúir mhícheart = 5 mharc ar a mhéad.<br>Staidiúir droma iomláin = 3 mharc ar a mhéad. |
| | **Iomlán** | **30** | |

# Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

**150 Marc**

# Roinn I – An Ealaín in Éirinn

| C.1 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Ainm, cur síos agus plé ar shéadchomhartha **a haon**: tagairt d'fhoirm, d'fheidhm agus do theicnící tógála. | **15** | 3 mharc as an ainm, 12 mharc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **B** | Ainm, cur síos agus plé ar shéadchomhartha **a dó**: tagairt d'fhoirm, d'fheidhm agus do theicnící tógála. | **15** | 3 mharc as an ainm, 12 mharc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **C** | Déan cur síos achomair agus plé ar a bhfuil ar eolas agat faoi na pobail a chruthaigh na séadchomharthaí cloiche seo. | **10** | 3 ghné. |
| **D** | Sceitsí | **10** | 5 mharc as séadchomhartha a haon,<br>5 mharc as séadchomhartha a dó. |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.2 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar an ráiteas agus ar Chailís Ardach le tagairt d'fhoirm, d'fheidhm, agus do bhunábhair. | **15** | |
| **B** | Plé ar an ráiteas agus ar Chailís Ardach le tagairt do mhaisiúchán agus do na teicnící a úsáideadh ina déantús. | **15** | |
| **C** | Ainmnigh, déan cur síos achomair agus plé ar dhéantúsán miotail **amháin** eile ón ré chéanna inar úsáideadh teicnící maisiúcháin den saghas céanna. | **15** | 5 mharc as an ainm, 10 mharc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **D** | Sceitsí. | **5** | 2 mharc as an léaráid a tugadh, 3 mharc as déantúsán eile. |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.3 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar an ráiteas: Bhí na crosa cloiche a rinneadh in Éirinn san 12ú haois difriúil i slite éagsúla leis na saothair scrioptúrtha a rinneadh níos luaithe. | **10** | |
| **B** | Cur síos agus plé ar an Díseart i gContae an Chláir: tagairt d'fhoirm agus d'fheidhm. | **10** | |
| **C** | Cur síos agus plé ar an Díseart i gContae an Chláir: tagairt do láimhseáil na fíorach daonna agus don cheardaíocht cloiche. | **10** | |
| **D** | Ainmnigh agus déan cur síos agus plé achomair ar chros **amháin** eile nó déantúsán **amháin** eile ón ré chéanna. | **15** | 5 mharc as an ainm, 10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **E** | Sceitsí. | **5** | 2 mharc as an léaráid a tugadh, 3 mharc as cros nó déantúsán eile. |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.4 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Ainmnigh foirgneamh **amháin** leis an ailtire a roghnaigh tú. | **5** | |
| **B** | Cur síos agus plé ar ghnéithe na hailtireachta, idir struchtúracha agus mhaisiúla, den fhoirgneamh a roghnaigh tú. | **20** | |
| **C** | Déan cur síos achomair agus plé ar fhoirgneamh ainmnithe **amháin** eile leis an ailtire a roghnaigh tú. | **15** | 5 mharc as an ainm, 10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **D** | Sceitsí a bhaineann le chuid B agus C. | **10** | 5/5 |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.5 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar an ráiteas le tagairt don léaráid a thugtar: tagairt don ábhar agus don chomhdhéanamh. | **15** | |
| **B** | Plé ar an ráiteas le tagairt don léaráid a thugtar: tagairt don stíl agus do dhath(anna). | **15** | |
| **C** | Déan cur síos achomair agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Roderic O'Conor. | **15** | 5 mharc as an ainm, 10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **D** | Sceitsí. | **5** | 2 mharc as an léaráid a tugadh, 3 mharc as saothar ainmnithe eile. |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.6 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Ainm saothair atá bunaithe ar an nGorta Mór. | **5** | |
| **B** | Plé ar an saothar roghnaithe le tagairt don ábhar agus don fhoirm/chomhdhéanamh. | **10** | |
| **C** | Plé ar an saothar roghnaithe le tagairt don ealaíontóir, don stíl agus do na bunábhair. | **10** | |
| **D** | Déan cur síos achomair agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** eile leis an ealaíontóir a roghnaigh tú. | **15** | 5 mharc as an ainm, 10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **E** | Sceitsí. | **10** | 5 mharc as an saothar ainmnithe a haon, 5 mharc as an saothar ainmnithe a dó. |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.7 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Cur síos agus plé ar shaothar an ealaíontóra a roghnaigh tú. | **10** | |
| **B** | Plé mionsonraithe ar shaothar ainmnithe **a haon** le tagairt don ábhar, don stíl, do na meáin/bunábhair, do na teicnící agus do thionchair. | **15** | 5 mharc as an ainm, 10 marc as an bplé. |
| **C** | Plé mionsonraithe ar shaothar ainmnithe **a dó** le tagairt don ábhar, don stíl, do na meáin/bunábhair, do na teicnící, agus do thionchair. | **15** | 5 mharc as an ainm, 10 marc as an bplé. |
| **D** | Sceitsí. | **10** | 5 mharc as an saothar ainmnithe a haon,<br>5 mharc as an saothar ainmnithe a dó. |
| | Iomlán. | **50** | |

# Roinn II – Ealaín na hEorpa (1000 AD – An Lá Inniu)

| C.8 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| A | Plé ar an ráiteas agus ainm eaglaise nó ardeaglaise Rómhánúla **amháin**. | 10 | 5 mharc as an ainm,<br>5 mharc as an bplé ar an ráiteas. |
| B | Cur síos agus plé ar an eaglais nó ardeaglais Rómhánúil roghnaithe le tagairt do na teicnící tógála, don struchtúr agus don leagan amach. | 15 | Teicnící tógála agus struchtúr 10,<br>leagan amach 5. |
| C | Déan cur síos achomair agus plé ar shampla ainmnithe **amháin** den dealbhóireacht Rómhánúil. | 15 | 5 mharc as an ainm,<br>10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| D | Sceitsí. | 10 | 5 mharc as an ardeaglais a roghnaíodh,<br>5 mharc as dealbhóireacht. |
| | Iomlán. | 50 | |

| C.9 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| A | Plé ar an ráiteas: Tá go leor de na nuálaíochtaí ealaíonta a bunaíodh le linn an Luath-Renaissance le feiceáil i saothar Masaccio. | 10 | |
| B | Cur síos agus plé ar '**An Tríonóid Naofa**' le tagairt don ábhar agus don chomhdhéanamh. | 10 | |
| C | Cur síos agus plé ar '**An Tríonóid Naofa**' le tagairt do na teicnící agus do láimhseáil na fíorach daonna. | 10 | |
| D | Déan cur síos achomair agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Masaccio. | 15 | 5 mharc as an ainm,<br>10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| E | Sceitsí. | 5 | 2 mharc as an léaráid a tugadh,<br>3 mharc as saothar ainmnithe eile. |
| | Iomlán. | 50 | |

| C.10 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| A | Ainm an phictiúir roghnaithe. | 5 | |
| B | Plé ar an ráiteas a thugtar le tagairt d'ábhar agus do chomhdhéanamh an phictiúir roghnaithe. | 10 | |
| C | Plé ar an ráiteas le tagairt do stíl agus do theicnící an phictiúir roghnaithe. | 10 | |
| D | Déan cur síos achomair agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Leonardo. | 15 | 5 mharc as an ainm, 10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| E | Sceitsí. | 10 | 5 mharc as pictiúr ainmnithe, 5 mharc as an saothar ainmnithe eile. |
| | Iomlán. | 50 | |

| C.11 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| A | Plé ar an ráiteas agus ar '**Báisteach, Gal Uisce agus Luas**' le tagairt don ábhar agus don chomhdhéanamh. | 15 | |
| B | Plé ar an ráiteas agus ar '**Báisteach, Gal Uisce agus Luas**' le tagairt don stíl agus do na teicnící. | 15 | |
| C | Déan cur síos achomair agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Turner. | 15 | 5 mharc as an ainm, 10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| D | Sceitsí. | 5 | 2 mharc as an léaráid a tugadh, 3 mharc as an saothar ainmnithe eile. |
| | Iomlán. | 50 | |

| C.12 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar an ráiteas: Ba bhreathnóir grinn ar an gcine daonna é Edgar Degas. | **10** | |
| **B** | Plé ar '**Bean ag Iarnáil**' le tagairt don ábhar agus don chomhdhéanamh. | **10** | |
| **C** | Plé ar '**Bean ag Iarnáil**' le tagairt do dhath(anna), don stíl agus do na teicnící. | **10** | |
| **D** | Déan cur síos achomair agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Degas. | **15** | 5 mharc as an ainm, 10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **E** | Sceitsí. | **5** | 2 mharc as an léaráid a tugadh, 3 mharc as an saothar ainmnithe eile. |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.13 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar an ráiteas: Bhain Henri Matisse úsáid as cruthanna stílithe, dathanna láidre agus patrúin ina chuid pictiúr. | **10** | |
| **B** | Cur síos agus plé ar an léaráid a thugtar le tagairt don ábhar agus don chomhdhéanamh. | **10** | |
| **C** | Cur síos agus plé ar an léaráid a thugtar le tagairt do dhath(anna), don stíl agus do na teicnící. | **10** | |
| **D** | Déan cur síos achomair agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Matisse. | **15** | 5 mharc as an ainm, 10 marc as an gcur síos agus as an bplé |
| **E** | Sceitsí. | **5** | 2 mharc as an léaráid a tugadh, 3 mharc as an saothar ainmnithe eile. |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.14 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Ainm an tsaothair atá roghnaithe. | **5** | |
| **B** | Plé mionsonraithe ar an saothar atá roghnaithe le tagairt don ealaíontóir, don ábhar, don stíl, don chomhdhéanamh, do na bunábhair, do na teicnící agus don ré ina ndearnadh an saothar. | **20** | |
| **C** | Ainmnigh, déan cur síos achomair agus plé ar shaothar **amháin** eile leis an ealaíontóir a roghnaigh tú. | **15** | 5 mharc as an ainm, 10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **D** | Sceitsí. | **10** | 5 mharc as saothar roghnaithe, 5 mharc as saothar eile. |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.15 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar fhorbairt na stíle nó na gluaiseachta ealaíne a roghnaigh tú. | **10** | |
| **B** | Cur síos ar phríomhthréithe na stíle nó na gluaiseachta ealaíne a roghnaigh tú. | **10** | |
| **C** | Déan cur síos agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** le healaíontóir ainmnithe a bhfuil a s(h)aothar ina eiseamláir thipiciúil den stíl nó den ghluaiseacht seo. | **20** | 5 mharc as an saothar ainmnithe, 5 mharc as an ealaíontóir ainmnithe, 10 marc as an gcur síos agus as an bplé. |
| **D** | Sceitsí. | **10** | |
| | Iomlán. | **50** | |

# Roinn III - Léirthuiscint na hEalaíne

| C.16 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Ainm taispeántais i ngailearaí, músaeim nó ionad léirmhíniúcháin roghnaithe agus plé ar an ráiteas. | **10** | 5 mharc as an ainm,<br>5 mharc as plé ar an ráiteas. |
| **B** | Cur síos agus plé ar **dhá** dhéantúsán ainmnithe agus míniú ar an dóigh inar fheabhsaigh an taispeántas d'eispéireas agus do chuid foghlama. | **20** | 5 mharc as saothair ainmnithe (3/2),<br>5 mharc as an gcur síos agus plé ar na saothair ainmnithe 3/2,<br>5 as eispéireas<br>5 as foghlaim. |
| **C** | Tabhair breac-chuntas achomair ar na smaointe atá agat faoin dóigh a bhféadfadh gailearaithe ealaíne, músaeim agus ionaid léirmhíniúcháin idirghníomhaíocht níos fearr a dhéanamh leis an bpobal agus eispéireas iomlán na gcuairteoirí a fheabhsú. | **10** | 5 mharc as smaoineamh a haon,<br>5 mharc as smaoineamh a dó. |
| **D** | Sceitsí a bhaineann le chuid B agus C. | **10** | 7/3 |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.17 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar an ráiteas le tagairt don léaráid a thugtar: tagairt don scála agus do na bunábhair. | **15** | |
| **B** | Plé ar an ráiteas le tagairt don léaráid a thugtar: tagairt do dhath(anna)/bhailchríoch agus don éifeacht ó thaobh amhairc de. | **15** | |
| **C** | Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc faoi choinne saothair ealaíne poiblí a chuirfeadh feabhas ar spás atá amuigh faoin spéir agus atá i do cheantar. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh. | **15** | |
| **D** | Sceitsí. | **5** | 2 mharc as an léaráid a tugadh,<br>3 mharc as coincheap amhairc. |
| | Iomlán. | **50** | |

| C.18 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| A | Plé ar an ráiteas agus ainm an scannáin beochana roghnaithe. | 10 | 5 mharc as ainm an scannáin beochana,<br>5 mharc as an bplé ar an ráiteas. |
| B | Plé ar scannán beochana roghnaithe ag tagairt do choincheapa dearaidh, do dhath(anna), do na carachtair agus don éifeacht ó thaobh amhairc de. | 15 | |
| C | Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc faoi choinne carachtar beo bunaithe ar úrscéal nó ar dhráma atá ar do chúrsa Ardteistiméireachta. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh. | 15 | |
| D | Sceitsí | 10 | 5 mharc as an scannán ainmnithe,<br>5 mharc as coincheap amhairc. |
| | Iomlán. | 50 | |

| C.19 | | Marcanna | Nótaí |
|---|---|---|---|
| A | Plé ar an ráiteas le tagairt don léaráid a thugtar: tagairt do na híomhánna agus don leagan amach. | 15 | |
| B | Plé ar an ráiteas le tagairt don léaráid a thugtar: tagairt do na teicnící agus d'éifeacht an tsaothair. | 15 | |
| C | Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc faoi choinne íomhá ghrianghrafadóireachta a ionramháiltear chun bia sláintiúil a fhógairt. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh. | 15 | |
| D | Sceitsí. | 5 | 2 mharc as an léaráid a tugadh,<br>3 mharc as coincheap amhairc. |
| | Iomlán. | 50 | |

| **C.20** | | **Marcanna** | **Nótaí** |
|---|---|---|---|
| **A** | Plé ar an ráiteas agus ar an léaráid a thugtar le tagairt do chomharthaíocht agus do litreoireacht. | **15** | |
| **B** | Plé ar an ráiteas agus ar an léaráid a thugtar le tagairt do dhath(anna) agus d'éifeacht ó thaobh amhairc de. | **15** | |
| **C** | Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc chun feabhas agus barr maise a chur ar aghaidh an tsiopa seo. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh. | **15** | |
| **D** | Sceitsí. | **5** | 2 mharc as an léaráid a tugadh, 3 mharc as coincheap amhairc. |
| | Iomlán. | **50** | |

Leathanach Bán

Leathanach Bán